

Mar a míníodh sa cháipéisíocht a bhain le comhairliúchán Chomhairle an Luchta Féachana/Éisteachta, rinne Aonad an Iontaobhais anailís ar shocruithe maoinithe agus tacaíochta do chlár sna teangacha dúchasacha mionlaigh ar fud na Ríochta Aontaithe, chomh maith le cúrsaí ábhartha dlí agus cúrsaí eile. Mheas an Iontaobhais an anailís seo ag an chruinniú seo acu i mí Iúil, chomh maith leis an aiseolas a fuarthas ar chomhairliúchán Chomhairle an Luchta Féachana/Éisteachta. Tá Anailís Aonad an Iontaobhais foilsithe thíos chun cur leis an dara céim de chomhairliúchán Chomhairle an Luchta Féachana/Éisteachta.

Anailís Aonad an Iontaobhais ar Sholáthar do Theangacha Dúchasacha Mionlaigh

Teangacha Dúchasacha Mionlaigh na Ríochta Aontaithe

Le haghaidh na hanailíse seo, is ionann teangacha dúchasacha mionlaigh na Ríochta Aontaithe (faoi mar atá daingnithe ag Rialtas na Ríochta Aontaithe sa Cháirt Eorpach um Theangacha Reigiúnacha nó Mionlaigh) agus:

- Breatnais (sa Bhreatain Bheag)
- Gaeilge agus Albainis Uladh (i dTuaisceart Éireann)
- Gaeilge na hAlban agus Albainis (in Albain)
- Coirnis (sa Chorn)
- Manannais (ar Oileán Mhanann - daingnithe ar son Rialtas Mhanann)

Táimid ag úsáid sonraí dhaonáireamh 2001 faoi dhaoine a bhfuil 'eolas éigean' acu ar theanga dhúchasach chun scóip an mhargaidh atá ann do na teangacha dúchasacha mionlaigh a shainiú, mar sílimid gur sin an tslat tomhais is fearr chun fairsinge na ndaoine go mb'fhéidir go mbeadh spéis acu i gclár sna teangacha seo a mheas, ó fhoghlaimoirí go cainteoirí dúchais:

- An Bhreatain Bheag: 797,717 (28% den daonra) a bhfuil eolas éigean acu ar Breatnais
- Tuaisceart Éireann: 167,490 (10% den daonra) a bhfuil eolas éigean acu ar an Ghaeilge
- Albain: 92,396 (2% den daonra) a bhfuil eolas éigean acu ar Ghàidhlig
- Oileán Mhanann: 1689 (2.2% den daonra) a dúirt go raibh eolas éigean acu ar Manannais.

Níor chlúdaigh daonáireamh 2001 na teangacha mionlaigh Albainis Uladh, Albainis nó Coirnis. Ach de réir foinsí eile:

- Albainis Uladh: labhraíonn 35,000/2% den daonra an teanga (The Northern Ireland Life and Times Survey, 1999). De réir meastachán eile tá 100,000 cainteoirí ann (Ulster-Scots Language Society).
- Albainis: labhraíonn 1.5 million/30% den daonra an teanga (General Register Office for Scotland, 1996). Tá meastachán ann a deir go maíonn leath an daonra go bhfuil Albainis acu (Macafee, 2000¹)
- Coirnis: Meastar go bhfuil 300 cainteoir líofa ann (Mackinnon, 2000²) cé go bhfuil tionscadal an Cornish Language Strategy ag coimisiúnú taighde le hiarmheastachán a sholáthar a mhaífidh go bhfuil tuairim is 3500 cainteoir ann.

Le haghaidh na hanailíse seo measaimid gur fearr tosú le Gaeilge na hAlban agus Breatnais mar is ansin atá an chomparáid is oiriúnaí. Níorbh fhéidir comparáid a dhéanamh le hAlbainis

¹ Macafee, Caroline (2000) "The demography of Scots: the lessons of the Census campaign".

² Mackinnon, Kenneth (2000) Study on Cornish for the Government Office South Wales

mar ní bhailíonn BBC Alban eolas ar bith faoi leibhéal an tsoláthair. Léiríonn seo go pointe an deacracht a bhaineann le sainmhíniú a dhéanamh ar an teanga agus fosta an dóigh a bhfuil polasáí ag an BBC leaganacha Albainise a chur chun cinn trí iad a phríomhshruthú sa ghnáth aschur. Cloistear réimse leathan den Albainis labhartha ar BBC Alban, áfach, ó cláir phobail ar raidió go dtí cláir faisnéise, cláir grinn agus drámaíocht ar an teilifís.

Is doiligh figiúirí beachta iontaofa a bhailiú faoi sholáthar ar-líne, mar sin de, is tábhachtaí i bhfad an chomparáid le Raidió agus Teilifís. Roghnaigh muid uaireanta craolacháin mar an tslat tomhais is fearr le haghaidh comparáide mar tugann sé seo barúil mhaith dúinn faoin rochtain atá ag páirtithe leasmhara ar na cláir. Ní chuireann sé san áireamh, ar ndóigh, caighdeán nó réimse an ábhair atá ar fáil.

An Soláthar Reatha Margaidh

I dTuaisceart Éireann craolann an BBC 17 uair d'aschur Gaeilge ar teilifís agus 260 uair ar raidió in aghaidh na bliana. Taobh amuigh de sin, tagann an chuid is mó den soláthar Gaeilge ó chraoltóirí i bPoblacht na hÉireann. Craolann TG4 ar feadh 19 uair sa lá ar an mheán, le croí 8 uair de sholáthar Gaeilge. Níl rochtain ar an stáisiún ar fud Thuaiscirt Éireann uile, ach tá sé ar fáil ar satailít, cábla (go pointe) agus trí eisleadh tarchuir analógaigh ón Phoblacht nó trí tharchur áitiúil i gceantar Bhéal Feirste. Tá dualgas reachtúil ar RTÉ, craoltóir seirbhíse poiblí na Poblachta 365 uair de chlár Ghaeilge a sholáthar do TG4 in aghaidh na bliana.

Chomh maith leis sin, soláthraíonn RTÉ féin roinnt ábhair i nGaeilge ar nós feasachán nuachta, thart ar 2 uair sa tseachtain meastar, ar teilifís agus ar RTÉ Radio 1. Tá rochtain ar theilifís RTÉ ar satailít i dTuaisceart Éireann agus tá RTÉ Radio 1 ar fáil ar fud Thuaiscirt Éireann ar fadtonn. Craolann RTÉ stáisiún Raidió Gaeilge - Raidió na Gaeltachta - atá ar fáil i gceantair áirithe trí eisleadh comhartha. Tá Raidió Fáilte ann chomh maith, stáisiún raidió tráchtála pobail Gaeilge a chraolann ó Iarthar Bhéal Feirste (go dlíthiúil ó mhí Dheireadh Fómhair 2006). Seachas soláthar an BBC san Albainis Uladh - 5 agus 17 uair ar teilifís agus raidió faoi seach in aghaidh na bliana - níl soláthar ar bith eile sa mhargadh taobh amuigh de cheadúnais seirbhís teoranta sealadacha.

In Albain chraol an BBC 196 uair i nGàidhlig ar teilifís i 2006/7 agus craolann sé 2930 uair ar raidió (Radio nan Gaidheal) in aghaidh na bliana. Taobh amuigh de sin, clúdaíonn Tele-G - soláthróir theilifís Ghàidhlig a bunaíodh i 1999 mar an chéad chainéal digiteach laethúil teilifís Ghàidhlig – clúdaíonn sé Albain ar fad agus craolann sé cláir Ghàidhlig idir 6-7 i.n. gach lá ar teilifís dhigiteach. Soláthraíonn STV 35.5 uair de chlár Ghàidhlig ar teilifís gach bliain, a bhfuil 8.5 uair de maoinithe ag Seirbheis nam Meadhanan Gàidhlig (SMG). Déanann SMG - a bhunaigh an tAcht Cumarsáide 2003 in áit an Comataidh Craolaidh Gàidhlig - iarracht féachaint chuige go bhfuil cláir teilifíse Gàidhlig d'ardchaighdeán ar fáil ag an lucht féachana ar fud na hAlban ag amanna cuí, agus go ndéantar feabhsú ar réimse agus caighdeán cláir Ghàidhlig ar raidió. Tá SMG agus BBC Alban ag obair ar chomhaontú comh-maoinithe a chuirfidh seirbhís dhigiteach chomhtháite chraoltóireachta mean ar fáil i nGàidhlig, a lainseálfar in 2007/8 agus a bheidh faoi réir Triail Luachála Poiblí.

Sa Bhreatain Bheag, mar bharr ar thar 500 uair d'aschur ar teilifís ón BBC agus BBC Radio Cymru (Stáisiún Breatnaise an BBC), craolann S4C thar 80 uair de chlár Breatnaise sa tseachtain a bhfuil 10 uair ar a laghad de ag teacht ón BBC (maoinithe ag táillí ceadúnais). Ar an raidió, tá stáisiún dírithe ar fhoghlaimeoirí Breatnaise - Radio Acen atá ar fáil ar DAB in

Abertawe agus sa cheantar máguaird - stáisiún pobail dátheangach atá i Radio Ceredigion a fhreastalaíonn ar chósta thiar na Breataine Bige agus craolann 103 Champion FM i mBreatnais agus i mBéarla.

Chomh maith le haschur, tugtar faoi deara go bhfuil an BBC ag beartú speictream digiteach trastíre teilifíse a sholáthar do S4C Digidol, an t-Seirbheis Dhídeatach Gháidhlig atá beartaithe, agus TG4, agus tá luach suntasach airgid sa speictream seo. Déanann an tábla thíos achoimre ar na leibhéil reatha soláthair sna teangacha dúchasacha mionlaigh in Albain, sa Bhreatain Bheag agus i dTuaisceart Éireann.³

	Albain (Gáidhlig)	An Bhreatain Bheag (Breatnais)	Tuaisceart Éireann	
			Gaeilge	Albainis Uladh
% den daonra a bhfuil eolas éigean acu ar theanga	2% (daonáireamh 2001)	28% (daonáireamh 2001)	10% (daonáireamh 2001)	2% measta
Uaireanta d'aschur teilifíse ón BBC (2006/07)	196	524	17	5
Uaireanta d'aschur raidió ón BBC (2006/07)	2930	8164	260	73
Soláthar eile margaidh diomaite d'ábhar áitiúil (measta)	Tele-G – 1 uair sa lá ar teilifís dhigiteach STV – 35.5 uair ar teilifís in aghaidh na bliana (8.5 uair maoinithe ag SMG agus 26 uair coimisiúnaithe)	S4C – 82 uair ar teilifís in aghaidh na seachtaine	Craolann TG4 ar feadh 19 uair sa lá ar an mheán, le croí 8 uair de sholáthar Gaeilge. Teilifís RTÉ agus RTÉ Radio 1 – 2 uair sa tseachtain	Gan aon soláthar eile ann go bhfios dúinn
Iomlán na n-uaireanta aschuir ar teilifís (2006/7)	595.5	4788	2989	5

³ Tá soláthar an BBC don Choirnis agus don Mhanannais teoranta do roinnt ábhair ar-líne, mar shampla, an cúrsa Coirnis ar shuíomh "Where I live" an Choirn.

lomlán na n-uaireanta aschuir ar raidió (2006/7)	2930	8164	312	73
--	------	------	-----	----

Tá sonraí teoranta ar fáil faoi sholáthar ar-line an BBC sna teangacha dúchasacha mionlaigh. In Aibreán 07, fuair leathaigh Bhreatnaise an BBC 1.3 milliún lorg leathanaigh i gcomparáid le 200,000 do shuímh Ghàidhlig agus 82,000 do shuímh Ghaeilge. Cé go mb'fhéidir go gciallaíonn sin go bhfuil níos mó leathanach ar fáil trí Bhreatnais, nó go mbaintear feidhm níos mó as timpeall an líon céanna leathanach, tá na sonraí seo ag teacht don chuid is mó leis an phatrún a fheictear i soláthar uaireanta de réir teanga ar teilifís agus ar raidió.

An Comhthéacs Dílthiúil agus Polasaí Poiblí

Breatnais

Tá dualgas ar an earnáil phoiblí de réir Acht na Breatnaise 1993 an t-aitheantas céanna a thabhairt don Bhreatnais agus don Bhéarla agus iad ag soláthar seirbhísí do phobal na Breataine Bige; tugann sé lánchead do chainteoirí Breatnaise Breatnais a labhairt sa chúirt; agus bhunaigh sé Bwrdd yr Iaith Gymraeg le maoirseacht a dhéanamh ar sholáthar na ngealltanas seo agus le húsáid na Breatnaise a éascú agus a chur chun cinn.

Gàidhlig

Fuair Acht Ghaeilge na hAlban 2005 Aontú na Banríona i Meitheamh 2005. Aithníonn Acht Ghaeilge na hAlban Gaeilge na hAlban mar theanga oifigiúil in Albain, a bhfuil an gradam céanna ag dul di agus atá don Bhéarla. Tugann an tAcht tacaíocht oifigiúil d'iarrachtaí leis an Ghàidhlig a chaomhnú agus a chur chun cinn; bhunaigh sé Bòrd na Gàidhlig mar chuid de chóras rialaithe na hAlban agus éilíonn sé dréachtú plean náisiúnta don Ghàidhlig le treoir straitéiseach a chur ar fáil d'fhorbairt na Gàidhlig.

Albainis

Aithnítear Albainis mar theanga réigiúnach faoin Cháirt Eorpach um Theangacha Dúchasacha nó Mionlaigh a dhéanann foráil maidir le hí a chur chun cinn mar theanga réigiúnach. Thuairiscigh Coimisiún Cultúrtha na hAlban i Meitheamh 2005 gur thug siad faoi deara nach mór ag muintir na hAlban i gcoitinne an Albainis agus mhol siad go mbunófaí comhlacht ionadaíoch do theangacha dúchasacha na hAlban chomh maith le dréachtú straitéise náisiúnta do na teangacha dúchasacha. Tá an Grúpa Albainise tráspáirtí i bParlaimint na hAlban i ndiaidh stocaireacht a dhéanamh faoi cheist faoin Albainis a bheith ar dhaonáireamh 2011. In 2003, i ndiaidh fiosrúcháin faoi Ghàidhlig, Albainis agus teangacha mionlaigh in Albain, mhol Coiste Oideachais na Parlaiminte go ndréachtófaí Polasaí Teanga d'Albain.

Gaeilge/Albainis Uladh

D'aithin Comhaontú Aoine an Chéasta a síníodh i 1998 "an tábhacht a bhaineann le meas, tuiscint, agus caoinfhulaingt ar an éagsúlacht teangacha i dTuaisceart Éireann i.e. An Ghaeilge, Albainis Uladh, agus teangacha na mionphobal eitneach". Tá dualgas ar Fheidhmeannas Thuaiscirt Éireann de réir Chomhaontú Chill Rímhinn straitéis a chur i bhfeidhm leis an Ghaeilge a chosaint agus a chur chun cinn. I mí Mhárta 2007 nocht an Rialtas moltaí le haghaidh reachtaíocht Ghaeilge i dTuaisceart Éireann. Ar na pleananna seo tá ceapadh coimisinéara Gaeilge agus bunú scéimeanna Gaeilge do chomhlachtaí poiblí. Luadh fosta cead an Ghaeilge a úsáid sa chúirt agus cáipéisí oifigiúla a bheith ar fáil i nGaeilge. Moltar fosta scéimeanna a gcuirfeadh iallach ar chomhlachtaí poiblí a léiriú cé mar a d'fhéadfadh daoine na seirbhísí seo acu a fháil trí mheán na Gaeilge. Chuir Comhaontú Chill Rímhinn dualgas ar an Fheidhmeannas chomh maith straitéis a ghlacadh a leagfadh amach an tslí a mbeadh sé i gceist acu teanga, oidhreacht agus cultúr na hUltaise a fhorbairt.

Coirnis & Manannais

Aithnítear an dá theanga seo faoin Cháirt Eorpach um Theangacha Dúchasacha nó Mionlaigh atá ann le teangacha stairiúla dúchasacha nó mionlaigh na hEorpa a chaomhnú agus a chur chun cinn as an méid a chuireann siad le héagsúlacht chultúrtha agus traidisiúin na hEorpa; agus as siocair go bhfuil cuid acu i mbaol báis.